# Gaeilge 2

## 5th Class

Ms. Maloney, Mr. Mc evoy, Ms. Kearns



# Welcome back everybody!

We hope you are all well and that you enjoyed your Easter break! We have lots of fun activities for you to get stuck into this term.

Remember! These powerpoints include a ‘menu’ of activities. We do not expect you to complete every task.

Please just try your best and choose topics and activities that interest you most ☺

# Contacting your teachers

- ❖ Parents can contact their son’s teacher via email:
  5thClassTeacher@hollyparkbns.ie

- ❖ Please don’t hesitate to contact us if you or your son have any queries. We are happy to answer questions and give feedback on your child’s work.

- ❖ Please include the teacher’s name in the subject line of your email.

# Fuaimeanna agus Focail

Continue on with the next two chapters!




Why not complete your Friday spelling test at home?

Ask someone at home to call out the spelling words in English to you and write them down in Irish!

# Useful Links and Resources

- English/Irish dictionary: https://www.focloir.ie/
- Ten minutes of exercise as Gaeilge https://rtejr.rte.ie/10at10/
- Colaiste Lurgan songs https://www.youtube.com/channel/UCcfSiyJgWUOxfhlSWry-SmQ
- Cartoons as Gaeilge https://www.cula4.com/ga/




# Week 1



# Aimsir Láithreach
# (Present Tense)


For the next two weeks, we will be looking at the first group of verbs in the Aimsir Láithreach (An Chéad Réimniú)



- An Chéad Réimniú = Verbs that are one syllable
  e.g. brís, cuir, ól, rith
- Remember the golden rule;
  **Caol agus caol, leathan agus leathan**
- Caol(slender) = a word that's last vowel is i or e.
  e.g. rith, teip,
- Leathan(broad) = a word that's last vowel is a, o or u.
  e.g. glan, gearr, seas, fág

Take note of the endings that you add to a briathar *caol*





Take note of the endings that you add to a briathar *leathan*





# An Chéad Réimniú

## Glan (Briathar Leathan)

| |
|---|
| Glan**ann** mé/Glan**aim** |
| Glanann tú |
| Glanann sé/sí |
| Glan**aimid** |
| Glanann sibh |
| Glanann siad |
| An **n**Glanann sé? |
| Ní G**h**lanann sé |

twinkl visit twinkl.ie

# An Aimsir Láithreach
## An Chéad Réimniú – Briathra Caol

Líon isteach an tábla:

| Cuir | Ith | Bris |
|---|---|---|
| Mé | Mé | Mé |
| Tú | Tú | Tú |
| Sé | Sé | Sé |
| Sí | Sí | Sí |
| | | |
| Sibh | Sibh | Sibh |
| Siad | Siad | Siad |
| _______ ___________ sé? | _______ ___________ sí? | An ______________ siad? |
| Ní ______________ sé. | _______ ___________ sí. | _______ ___________ siad. |

Líon isteach na bearnaí:

1. (Bris) ______________________ Tadhg na rialacha ar scoil gach lá.
2. (Cuir) ______________________ (sinn) ár gcótaí orainn gach maidin.
3. (Buail) ______________________ Lucy le Rebecca gach deireadh seachtaine.
4. (Ní ith) ______________________ Louise a dinnéar le a clann gach tráthnónna.
5. (Éist) ______________________ Anna leis an raidió sa leaba gach oíche.
6. (Léim) ______________________ (sinn) thar an mballa gach lá tar éis na scoile.
7. (Fill) ______________________ Anna leis an raidió sa leaba gach oíche.
8. (Ní caill) ______________________ Eva airgead mar bíonn sé cúramach.

# An Aimsir Láithreach

## An Chéad Réimniú – Briathra Leathan

Líon isteach an tábla:

| Gearr | Ól | Fág |
|---|---|---|
| Mé | Mé | Mé |
| Tú | Tú | Tú |
| Sé | Sé | Sé |
| Sí | Sí | Sí |
| | | |
| Sibh | Sibh | Sibh |
| Siad | Siad | Siad |
| ____________ tú? | ____________ sí? | An ____________ tú? |
| Ní ____________ mé. | ____________ sí. | ____________ mé. |

Líon isteach na bearnaí:

1. (Múch) ____________ Robert an solas gach tráthnónna.
2. (An glan) ____________ Emily a seomra leaba gach Aoine?
3. (Fán) ____________ (sinn) istigh sa scoil nuair a bhíonn sé ag cur báistí.
4. (Fág) ____________ Rachel a teach ag a hocht a chlog gach maidin.
5. (An ól) ______ ______ Lucy a cupán tae ós comhair na tine tar éis a dinnéar?
6. (Ní dún) ______ ______ na páistí an doras ag deireadh an lae.
7. (Cas) ____________ sí timpeall nuair a chloiseann sí a hainm.
8. (Ní gearr) ______ ______ siad na prátaí don dinnéar.

# An t-Am





1. Beidh an bus ag fágáil ar ______________________________
2. Beidh an lón againn ar ______________________________
3. Tosaíonn an scoil ar ______________________________ gach lá
4. Éirím timpeall ______________________________ gach maidin.
5. Ar aghaidh linn go dtí an trá ar ______________________________.
6. Tháinig an bus ar ______________________________.


# Scannáin Iontachta

### *Léigh amach an sliocht sin*

**Superman**

Tháinig an chéad scannán *Superman* amach sa bhliain 1978. Is scannán aicsin é. Tá an scannán bunaithe ar ghreannán. Tháinig Superman ón bpláinéad Krypton go dtí an domhan seo. Sárlaoch ab ea é. Bhí cumhachtaí speisialta aige: bhí sé in ann eitilt agus bhí sé an-láidir ar fad. Is é Lex Luthor an droch-charachtar sa scannán. Bíonn Superman le feiceáil fós i scannáin, mar shampla sa scannán *Batman v Superman*.




**The Wizard of Oz**

Tháinig an scannán *The Wizard of Oz* amach sa bhliain 1939. Is ceoldráma é. Tá an scannán bunaithe ar leabhar. Is í Dorothy laoch an scannáin. Tá an cailín óg seo i dTír Oz agus í ag iarraidh dul abhaile go Kansas. Áit dhraíochta é Oz. Buaileann Dorothy le go leor carachtar suimiúil ann. Leanann siad Bóthar na mBrící Buí go dtí an Emerald City chun an Wizard of Oz a fheiceáil. Is iad na carachtair eile sin an fear bréige, an fear iarainn agus an leon. Is í an Wicked Witch of the West an droch-charachtar sa scannán seo.

**Star Wars**

Tháinig an scannán *Stars Wars* amach sa bhliain 1977. Is scannán ficsean eolaíochta (Sci-Fi) é. Thaitin an scannán le daoine idir óg agus aosta. Chuir daoine aithne ar na laochra Chewbacca, Hans Solo, Luke Skywalker agus an Banphrionsa Leia agus, ar ndóigh, ar an droch-charachtar Darth Vader. Thaitin an dá róbat C-3PO agus R2-D2 go mór le daoine. Bhí siad an-ghreannmhar ar fad. Tá naoi scannán sa tsraith *Star Wars* anois. Tháinig criú *Star Wars* go Sceilig Mhichíl amach ó chósta Chiarraí chun an radharc deireanach sa scannán *Stars Wars: The Force Awakens* a dhéanamh.




Cén sórt scannáin é?
Is scannán ___ é.

Cén fáth arb é seo an scannán is fearr leat?
Is é seo an scannán is fearr liom mar ___.

Cad é an scannán is fearr leat?
Is é ___ an scannán is fearr liom.

Cé hiad na carachtair?
Is iad ___ na carachtair.
Is é / í ___ an laoch agus is é / í ___ an droch-charachtar.

*Bí ag caint!*

# Freagair na Ceisteanna

1. Cathain a tháinig an chéad scannán *Superman* amach?
2. Cad iad na cumhachtaí speisialta a bhí ag Superman?
3. Cé hé an droch-charachtar i *Superman*?
4. Cén sórt scannáin é *The Wizard of Oz*?
5. Cé hí laoch *The Wizard of Oz*?
6. Cá raibh Dorothy agus a cairde ag dul?
7. Cé hiad na carachtair i *Star Wars*?
8. Cén fáth ar tháinig criú *Stars Wars* go hÉirinn?
9. Cén fáth, meas tú, a rinneadh scannáin eile *Star Wars* tar éis an chéad scannáin?

Cad é an scannán is fearr leatsa? Cén fáth?

## B. Fíor nó bréagach?

1. Tá an scannán *Superman* bunaithe ar ghreannán. ☐
2. Tá Superman in ann eitilt. ☐
3. Is é Darth Vader an droch-charachtar sa scannán *Superman*. ☐
4. Tháinig an scannán *The Wizard of Oz* amach sa bhliain 1939. ☐
5. Is í an Wicked Witch of the West an laoch sa scannán *The Wizard of Oz*. ☐
6. Is ceoldráma é *Star Wars*. ☐
7. Tá an scannán *Star Wars* bunaithe ar leabhar. ☐
8. Tá naoi scannán sa tsraith *Star Wars* anois. ☐

## C. Déan achoimre ar an eolas.

| | *Superman* | *The Wizard of Oz* | *Star Wars* |
|---|---|---|---|
| Tháinig sé amach i | 1978 | | |
| An sórt scannáin | | | ficsean eolaíochta |
| Bunaithe ar | | leabhar | |
| Laoch / Laochra | | | |
| Droch-charachtar | | | |





# Comhrá



**Agallóir:** Cad é an scannán is fearr leatsa?

**Siofra:** Is é *Conor Cróga agus Sadhbh na Saighde* an scannán is fearr liom.

**Agallóir:** Cén sórt scannáin é?

**Siofra:** Is scannán aicsin é. Tá sé bunaithe ar leabhar.

**Agallóir:** Cé hiad na carachtair?

**Siofra:** Is iad Conor Cróga agus Sadhbh na Saighde na laochra agus is é An Chuil an droch-charachtar. Tá cumhachtaí speisialta ag na laochra. Tá Conor an-láidir agus tá Sadhbh an-tapa.

**Agallóir:** Cén fáth arb é seo an scannán is fearr leat?

**Siofra:** Is é seo an scannán is fearr liom mar tá sé greannmhar agus tá sé lán d'aicsean. Is breá liom carachtar Shadhbh freisin. Tá sí an-chliste agus is maith léi cleasa a imirt, cosúil liomsa.



# Cén scannán is fearr leat?

**Is é ____ an scannán is fearr liom mar...**

| ...tá sé... | ...tá sé lán... | ...is breá liom... | ...tá na carachtair... |
|---|---|---|---|
| an-ghreannmhar. | d'aicsean. | na carachtair. | cliste. |
| an-chorraitheach. | d'amhráin. | na haisteoirí. | greannmhar. |
| an-suimiúil. | de dhamhsa. | an scéal. | suimiúil. |
| | de chleasa. | an ceol. | cróga. |
| | de ghreann. | an feisteas. | cosúil liomsa. |

1. Is é *Na Rógairí Beaga* an scannán is fearr le Seán mar tá sé an-ghreannmhar. Tá sé lán de chleasa. Is breá leis na carachtair freisin. Tá siad cosúil leis.
2. Is é *Na Laochra* an ______________ is ____________ le hOisín mar ____________ lán d'aicsean. Is ____________ leis na carachtair freisin. Tá siad an-chliste.
3. Is é ________________________ an scannán is fearr *liomsa* mar ________________________
________________________________________________________________________.
4. Is é ________________________ an scannán is fearr *le mo chara* mar ____________________
________________________________________________________________________.

# Week 2



# Páirc an Chrócaigh




Cé a bhuaigh?
Bhuaigh ___. Chaill ___.

Tá mé bródúil as ___.
Rinne siad a ndícheall.

Cé a bhí ag imirt?
Bhí ___ ag imirt i gcoinne ___.

Bhí ___ chun tosaigh / ar gcúl.

*Bí ag caint!*

# Léigh an ticéad agus freagair na ceisteanna

Páirc an Chrócaigh

CLG Sraithchomórtas Sinsir na hÉireann san Iománaíocht

**Cluiche Ceannais**
**Áth Cliath v Loch Garman**

Dé Domhnaigh, 16 Aibreán

**ROINN 715**

Ró K Suíochán 6
Ardán Uí Ógáin – An tSraith Uachtarach


Téigh isteach Ascaill San Séamas agus geataí A agus B

**Luach: €30.00**

www.gaa.ie

1. Cá bhfuil an cluiche ar siúl?
2. Cad iad na foirne a bheidh ag imirt?
3. Cén dáta a mbeidh an cluiche ar siúl?
4. Cén praghas atá ar an ticéad?
5. Cá bhfuil an suíochán seo suite?
6. Cén suíomh idirlín atá luaite ar an ticéad?
7. Conas a théann siad isteach sa staid?
8. Cén spórt atá i gceist?
9. An cluiche mór é seo?

# Comhrá





**Magda:** Dia duit, a Shíofra! Aon scéal?

**Síofra:** Haigh, a Magda. Bhí mé ag cluiche iománaíochta den scoth i bPáirc an Chrócaigh inné.

**Magda:** Cé a bhí ag imirt?

**Síofra:** Bhí Áth Cliath ag imirt i gcoinne Loch Garman.

**Magda:** Cé a bhuaigh?

**Síofra:** Bhuel, éist leis seo, bhí Áth Cliath chun tosaigh an cluiche ar fad.

**Magda:** Cad a tharla?

**Síofra:** Ní raibh ach dhá nóiméad fágtha. I bpreabadh na súl, rug imreoir as Loch Garman ar an sliotar agus fuair sé cúl. Bhí siad ar comhscór ansin.

**Magda:** A thiarcais!

**Síofra:** Agus ansin sa nóiméad deireanach fuair Loch Garman cúilín. Leis sin, chaill Áth Cliath.

**Magda:** Mí-ádh! An raibh brón oraibh?

**Síofra:** Bhí brón orainn cinnte ach bhí cuid de na himreoirí croíbhriste.

**Magda:** Bhuel, sin an saol.

**Síofra:** Sin é go díreach. Tá mé bródúil as an bhfoireann fós. Rinne siad a ndícheall.



# Aimsir Láithreach

Mé: Ólaim bainne.

Tú: Ólann tú bainne.

Sé: Ólann sé bainne.

Sí: Ólann sí bainne.

Sinn: Ólaimid bainne.

Sibh: Ólann sibh bainne.

Siad: Ólann siad bainne.

**Líon na Bearnaí**

1. ______________________________ cóla. (mé)
2. ______________________________ caife. (sinn)
3. ______________________________ bainne. (siad)
4. ______________________________ tae. (tú)
5. ______________________________ uisce. (sé)

**Scríobh na habairtí**

6. (ól + sí)  ______________________________

7. (ól +sibh)  ______________________________

8. (ól + sinn)  ______________________________

9. (ól + mé)  ______________________________

10. (ól + siad)  ______________________________

# Clann Lir



Bhí rí in Éirinn fadó. Lear ab ainm dó. Phós Lear bean álainn, Aoibh. Bhí ceathrar páistí acu: Fionnuala, Aodh, Fiachra agus Conn. Ach fuair Aoibh bás nuair a bhí na páistí óg. Bhí Lear croíbhriste. Bhí sé uaigneach agus bhí brón air freisin nach raibh máthair ag na páistí.



Cúpla bliain ina dhiaidh sin, phós Lear deirfiúr Aoibh. Aoife an t-ainm a bhí uirthi. Bhí sí an-deas leis na páistí ar dtús. Ach tháinig éad uirthi tar éis tamaill, mar chaith Lear a lán ama leis na páistí. Bhí grá an-mhór aige dóibh. Tháinig fearg ar Aoibh agus tháinig eagla ar na páistí roimpi.



Lá amháin, thug Aoife agus na páistí cuairt ar Loch Dairbhreach. Chuaigh na páistí ag snámh sa loch. Chuir Aoife faoi gheasa iad agus rinne sí ealaí díobh ar fad. 'Beidh oraibh trí chéad bliain a chaitheamh anseo, trí chéad bliain eile ar Shruth na Maoile agus trí chéad bliain eile fós ar an bhFarraige Mhór,' ar sise leo.



Bhí Lear ar buile nuair a chuala sé cad a bhí déanta ag Aoife. Chuir sé an ruaig uirthi. Thug Lear cuairt ar na páistí gach uile lá go dtí go bhfuair sé bás. Chan na páistí amhráin áille do Lear ón loch.



Mar a dúirt Aoife, chaith na páistí trí chéad bliain ar Loch Dairbhreach. Ansin chaith siad trí chéad bliain eile ar Shruth na Maoile. Bhí an aimsir go dona agus bhí stoirmeacha uafásacha ann go minic. Tar éis sin, chaith siad trí chéad bliain eile ar an bhFarraige Mhór.



Tar éis an naoi gcéad bliain, d'iompaigh na páistí ar ais ina ndaoine. Bhí Conn, Fionnuala, Fiachra agus Aodh an-sean agus an-lag faoin am seo. Tamall beag ina dhiaidh sin, fuair Clann Lir bás le chéile.

# *Léigh an scéal Clann Lir agus Freagair na ceisteanna*



1. Cé a phós Lear ar dtús?
2. Cé mhéad páiste a bhí acu?
3. Cathain a fuair Aoibh bás?
4. Cén fáth a raibh éad ar Aoife?
5. Cá ndeachaigh na páistí ag snámh?
6. Conas a mhothaigh Lear nuair a chuala sé cad a bhí déanta ag Aoife?
7. Cé mhéad bliain a chaith na páistí mar ealaí?
8. Cad a tharla do Chlann Lir ag deireadh an scéil?
9. Ar thaitin sé le Clann Lir bheith ina n-ealaí, meas tú?

An raibh éad ortsa riamh? Scríobh cúpla líne faoi.

# *Éist leis an scéal*

- https://www.youtube.com/watch?v=uiK4jmYJC4I&list=PLchXqR2aXyB_LmkcrKzPnxkTIiRFUznk4








# Na Mothúcháin



bródúil | ar bís | sona sásta | ar buile | croíbhriste | uaigneach

1. Bhí na páistí ____________________ roimh an gcluiche ceannais.
2. Bhí Mam agus Daid ____________________ nuair a bhuaigh Síofra an rás.
3. Bhí mé ____________________ an tráthnóna sin a chaith mé sa teach i m'aonar.
4. Dúirt Magda go raibh na himreoirí ____________________ nuair a chaill siad an cluiche.
5. Nuair a fuair Lear amach cad a bhí déanta ag Aoibh bhí sé ____________________.
6. Bhí Oisín ____________________ lena chamán nua.

Scríobh cúig abairt ag baint úsáid as na mothúcháin thuas.